**Caingean arna tabhairt an 18 Aibreán 2022 – Ioulia and Irene Tseti Pharmaceutical Laboratories v EUIPO – Arbora & Ausonia (InterMed Pharmaceutical Laboratories eva intima)**

**(Cás T-197/22)**

(2022/C 222/57)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

### Páirtithe

*Iarratasóir*: Ioulia and Irene Tseti Pharmaceutical Laboratories SA (Aithin, an Ghréig) (ionadaithe: C. Chrysanthis, P. Chardalia agus A. Vasilogamvrou, dlíodóirí)

*Cosantóir*: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Arbora & Ausonia, SLU (Maidrid, an Spáinn)

### Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

*Iarratasóir an trádmhairc faoi cheist:* Iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

*Trádmharc atá faoi cheist:* Clárú idirnáisiúnta lena n-ainmnítear an tAontas Eorpach i ndáil le marc fíortha ina bhfuil an ghné focail "InterMed Pharmaceutical Laboratories eva intima" – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 127 265

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gcéad Bhord Achomhairc de EUIPO an 1 Márta 2022 i gCás R 1244/2021-1

### An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní a mhéid a rinne sé achomharc ina choinne;

— a ordú do EUIPO agus ARBORA & AUSONIA, SLU, má thagann sé chun bheith ina idiragraí, costais an t-iarratasóir íoc.

### Saincheist dlí arna maíomh

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 207/2009 ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 18 Aibreán 2022 – Ioulia agus Irene Tseti Pharmaceutical Laboratories v EUIPO – Arbora & Ausonia (InterMed Pharmaceutical Laboratories eva intima)**

**(Cás T-198/22)**

(2022/C 222/58)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* Ioulia and Irene Tseti Pharmaceutical Laboratories SA (an Aithin, an Ghréig) (ionadaithe: C. Chrysanthis, P. Chardalia agus A. Vasilogamvrou, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Arbora & Ausonia, SLU (Maidrid, an Spáinn)

### Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

*Iarratasóir an trádmhairc faoi cheist:* Iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta